| LÁRIONAID BAILTE MÓRA<br>Scéim Phíolótach um Fheabhsú Sráid-dreacha<br>(Baile Átha an Rí & Béal Átha na Sluaighe) | Comhairle Chontae na Gaillimhe<br>Galway County Council | TOWN CENTRE<br>Pilot Streetscape Enhancement Scheme<br>(Athenry & Ballinasloe) |
|---|---|---|
| **Tá an doiciméad seo le fáil i gcló mór chomh maith** | | This document is also available in large print |

**Tá áthas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Phíolótach um Fheabhsú Sráid-dreacha 2020 a fhógairt.** Is é cuspóir na Scéime an chuma atá ar shráid-dreacha uirbeacha a fheabhsú, líon na gcustaiméirí a thugann cuairt i láthair na huaire a chothú agus custaiméirí nua a mhealladh agus tacú le líon na maoine tráchtála atá folamh a laghdú. Cuirfidh sé sin leis an gclú atá ar an mbaile ó thaobh gur deá-áit í le bheith i do chónaí inti, a bheith ag obair inti agus gur áit mhaith í le hinfheistíocht a dhéanamh inti.

1. Is féidir le tionóntaí nó úinéirí na bhfoirgneamh (áit chónaithe nó neamhchónaitheacha) leas a bhaint as deontas i dtreo an chostais aghaidheanna a phéinteáil agus a fheabhsú ar an tsráid. D'fhéadfadh péinteáil, saothar, scafall/ardaitheoir agus ábhair eile etc. a bheith i gceist. Tabharfar tús áite d'iarratais a bhaineann le haghaidh iomlán i.e aghaidheanna siopaí/ urlár na talún agus os a gcionn. Beidh luachanna ó chonraitheoirí inniúla ina bhfuil mionsonraí tugtha ar an obair atá le tabhairt fúithi lena n-áirítear dath(anna), bailchríche etc de dhíth.
2. Is féidir le tionóntaí nó úinéirí na bhfoirgneamh leas a bhaint as deontas i dtreo comharthaí nua a chur in ionad chomharthaí plaisteacha, neoin & clóite etc. D'fhéadfaí feabhsúcháin ar thaispeántais fuinneoige atá ann, díonbhrait a shuiteáil agus troscán sráide a cheannach a mheas faoin gcatagóir seo chomh maith. Is féidir le tionóntaí nó úinéirí na bhfoirgneamh iarratas a dhéanamh ar dheisiúcháin ar obair chloiche nó obair dheisiúcháin agus feabhsaithe eile mar a leagtar amach thíos. Ní mór sonraí na hoibre atá beartaithe a chur ar aghaidh.
3. <u>Tá iarratais laistigh de theorainn lár an bhaile mar atá marcáilte ar léarscáil "theorainn na scéime" faoi iamh á mbreithniú i láthair na huaire.</u>
4. Tabharfar tús áite d'iarratais a chuirtear ar aghaidh ar bhonn sráide iomláine nó iarratais do 5 fhoirgneamh nó níos mó atá in aice le chéile ar aon sráid amháin thar iarratais aonair. Moltar do thionóntaí agus d'úinéirí maoine a bheith ag obair as lámh a chéile chun tograí lena mbainfidh éifeacht fhísiúil shuntasach a thabhairt chun cinn.

**Uasmhéid an Deontais (50% den chostas, suas go uasmhéid liostaithe thíos)**

| Cineál Oibre | Suas go uasmhéid de |
|---|---|
| Bealaí isteach/ áiteanna suí amuigh a ghlasú agus a fheabhsú trí phlandaí a chur | **€500** |
| Foirgneamh/aghaidh an tsiopa a phéinteáil i ndathanna atá roghnaithe go cúramach agus a bheidh ag teacht leis an bhfoirgneamh óstach agus leis an tsráid-dreach. | **€1,000** |
| Aghaidh na siopaí a ghlanadh amach agus a dheisiú. (d'fhéadfadh obair mar chomharthaí, crainn brataí, sreangú etc. nach bhfuil gá leo a bhaint a bheith i gceist leis an nglanadh amach) | **€2,000** |
| Gnéithe ailtireachta na bhfoirgneamh a shoilsiú go cúramach. | |
| Obair fheabhsúcháin ar thaispeántais fuinneoige agus stáitsiú ar aghaidheanna siopaí. | |
| Aghaidheanna siopa adhmaid traidisiúnta, litreoireacht adhmaid/péinteáilte le lámh NÓ dearadh comhaimseartha ag baint leas as ábhair feabhsaithe a chur in ionad chomharthaí. | |
| Forscáthanna/Díonbhrait atá ag teacht leis na hábhair atá in aghaidh an tsiopa agus an fhoirgnimh (lena n-áirítear troscán sráide). (Moltar d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhféadfadh coinníollacha ceadúnais/pleanála a bheith i gceist le troscán sráide áirithe) | |
| Aghaidheanna siopa adhmaid péinteáilte traidisiúnta NÓ dearadh comhaimseartha ag baint leas as réimse ábhair atá ceadaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a chur in ionad na n-aghaidheanna siopa atá ann. | **€4,000** |

**Ní mór na céimeanna seo a leanas a ghlacadh chun a bheith incháilithe don Deontas:**
Iarratas foirmeálta a dhéanamh i scríbhinn chuig **An Roinn Athnuachana, An Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX nó** regeneration@galwaycoco.ie agus an fhaisnéis a leanas a chur ar fáil:

- Foirm iarratais chomhlánaithe.
- Grianghraif **ar chaighdeán maith** den riocht atá ar an bhfoirgneamh i láthair na huaire /leagan amach atá ar an gcomharthaíocht i láthair na huaire.
- Cuir luachanna ar aghaidh de réir mar is cuí ina bhfuil sonraí na hoibre agus briseadh síos ar chostas (féach Uimh. 1&2 thuas)
- Sonraí maidir le comharthaí nua atá beartaithe. Ba chóir na comharthaí atá beartaithe a chur ar aghaidh chun go gceadóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe iad agus ba chóir iad a bheith déanta as adhmad nó adhmad/miotal teilgthe agus a bheith péinteáilte. Ní dhéanfar aon chomhartha plaisteach, miotail leatháin, neoin a mheas ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Beidh luachan amháin ó dhéantóir na comharthaíochta de dhíth. D'fhéadfadh Comhairle Chontae na Gaillimhe comharthaí atá beartaithe a chur faoi bhráid an Oifigigh Oidhreachta/Caomhantais le ráiteas/ceadú a thabhairt ina leith.
- **Ní bhronnfar deontas** ar an iarratasóir sa chás gur tugadh faoi obair roimh cheadú i scríbhinn a fháil ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ní mór go mbeadh an deontas ceadaithe roimh ré. Nuair atá an obair curtha i gcrích, ní mór sin a chur in iúl don Chomhairle agus grianghraif a chur ar aghaidh, d'fhéadfaí iniúchadh a shocrú. Ní mór don obair a bheith curtha i gcrích laistigh de 4 mhí ón dáta a tugadh ceadú.
- Tabhair ar aird le do thoil, mura bhfuil an obair curtha i gcrích laistigh den tréimhse ama, rachaidh an deontas i léig mura bhfuil a mhalairt aontaithe leis an gComhairle.
- Ní costais incháilithe iad táillí dearaidh ghairmiúil i ndáil le tionscadail/iarratais aonair faoin scéim.
- Má bhíonn *ró-éileamh* ar an scéim déanfar na hiarratasóirí atá incháilithe chun leanúint ar aghaidh sa phróiseas iarratais a roghnú de réir na n-iarratas **a mheasann Comhairle Chontae na Gaillimhe lena mbainfidh an tionchar is mó ó thaobh cuma de agus ó thaobh sráid-dreacha a fheabhsú de.**
- Sa chás go gceaptar conraitheoir **is faoi na hiarratasóirí a n-éireoidh leo a bheidh sé a chinntiú** go bhfaightear na toilithe atá de dhíth ar fad agus go bhfuil an reachtaíocht chuí agus cóid chleachtais ar fad, go háirithe mar a bhaineann le Sláinte & Sábháilteacht agus Pleanáil a bhfuil feidhm acu i dtaobh na hoibre sin agus / nó scéimeanna ceadaithe, á gcomhlíonadh.
- Tá freagracht ar an iarratasóir a chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht chuí ar fad le linn na hoibre lena n-áirítear dlíthe pleanála.
- Déanfar an deontas a íoc chomh luath agus a chuirtear sonraisc íoctha ar aghaidh agus go ndeimhnítear go bhfuil an obair curtha i gcrích.
- D'fhéadfaí grianghraif de na maoine a ceadaíodh a úsáid chun fógraíocht a dhéanamh i ndáil leis an Scéim um Fheabhsú Sráid-dreacha amach anseo.
- Seiceáil an bhfuil d'fhoirgneamh ar thaifead na struchtúr cosanta ar: http://www.galway.ie/en/media/CGDP%202015-2021%20Appendix%20V%20Record%20of%20Protected%20Structures%20(revised%2027.01.2020).pdf

**Tabhair ar aird le do thoil gur idir an t-iarratasóir agus an conraitheoir péinteála/déantóir na comharthaíochta/lucht ceirde atá an Conradh.**

**Ba chóir iarratais a sheoladh chuig:**

**An Roinn Athnuachana, An Rannóg Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, H91 H6KX nó regeneration@galwaycoco.ie**

**Breithniú críochnaitheach a bheidh i mbreithniú na Comhairle ar bhailíocht iarratais ar bith don scéim seo agus aon suim deontais a bheidh le leithdháileadh de bhun iarratais.**

**AN CHÉAD DÁTA DEIRIDH A nGLACFAR LE hIARRATAIS:**

**DÉ hAOINE an 14 LÚNASA 2020.**

**NÓTA: D'fhéadfadh tuilleadh glaonna a bheith ann ach moltar d'iarratasóirí iarratas aonair nó, nó níos fearr fós, iarratas grúpa/comhordaithe a chur ar aghaidh faoin dáta sin**

## Scéim Phíolótach um Fheabhsú Sráid-dreacha 2020

## COMHAONTÚ SÉANTA

Deimhnímse, (iarratasóir)

___________________________________________________________________________

an ___________ lá de ______________ 2020 go gcomhaontaím lena bhfuil a leanas chun críche na Scéime Sráid-dreacha.

- Beidh an deontais a íoc (arna chur in iúl) dlite ar an obair a thabhairt chun críche ina hiomláine.
- Ní mór aon athruithe ar an obair i ndiaidh an deontas a bheith leithdháilte agus sula gcuirtear tús leis an obair a bheith aontaithe leis an gComhairle chomh luath agus is féidir.

**Dliteanas**

Beidh an t-iarratasóir faoi dhliteanas maidir leis an méid oibre a thugtar fúithi agus thar ceann an iarratasóra. Ní ghlacfar le dliteanas maidir le hobair Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon chaillteanas ná aon damáiste a dhéantar do mhaoin, d'ábhair ná as aon ghortú a fhulaingeoidh daoine aonair mar gheall ar ghníomhartha pearsanta an iarratasóra ná an duine (na daoine) atá ag tabhairt faoin obair thar a gceann roimh, le linn nó i ndiaidh na hoibre sin a bheith curtha díobh.

**Sláinte agus Sábháilteacht**

Glacfaidh an t-iarratasóir bearta cuí agus praiticiúla chun a chinntiú go mbeidh an timpeallacht ina bhfuil an obair á déanamh sábháilte chun aon bhaol gortaithe dóibh féin agus/nó do pháirtithe eile a sheachaint. Ní ghlacann an Chomhairle aon dliteanas maidir le gníomhartha an iarratasóra ná a gconraitheora ceaptha a mbeadh damáiste nó gortú do dhaoine nó do mhaoin mar thoradh orthu.


Tabhair ar aird le do thoil gur idir an t-iarratasóir agus an conraitheoir péinteála/déantóir na comharthaíochta/lucht ceirde atá an Conradh.

**Moltaí samplacha maidir le scéim dathanna don bhaile.**

**NÓTA TÁBHACHTACH: Níl sa scéim dathanna thíos ach treoir. Moltar do thionóntaí agus d'úinéirí maoine a bheith ag obair as lámh a chéile chun iarratais lena mbainfidh éifeacht fhisiúil shuntasach don bhaile agus a bhféadfadh luach níos fearr ó thaobh airgid a chur ar fáil a thabhairt chun cinn. Chuige sin, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach a bheith ag obair le soláthraí tionscail agus má tharlaíonn sé go mbíonn éileamh leordhóthanach ann trí chur chuige comhúinéireach, cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe comhairle ar fáil do ghrúpa d'iarratasóirí. Coimeádann Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceart gan maoiniú a chur ar fáil do thograí a mheasann an Chomhairle a bheith neamhoiriúnach.**

## Colour Selection:

The palette of materials has been restricted for this scheme so as to maintain a level of variation in colors throughout the street.





**Shopfronts**...
Shopfront frames, door, window all to be the same colour

our Standard Colours......

| | | | |
|---|---|---|---|
| Colortrend - Interior Collection- Silver Moonlight | Colortrend - Interior Collection- Vintage Silver | Colortrend - Interior Collection- Clockhouse | Colortrend - Interior Collection- Prestige |
| Colortrend - Interior Collection- Dining Rooom Red | Colortrend - Interior Collection- Decadent | Colortrend - Interior Collection- Sprung | Colortrend - Interior Collection- Flair |
| Colortrend - Interior Collection- Dressage | Colortrend - Interior Collection- Dark Noir | Colortrend - Interior Collection- Petrol | Colortrend - Interior Collection- Genesis |
| Colortrend - Interior Collection- Sqqeeze | Colortrend - Interior Collection- Gold Flake | Colortrend - Interior Collection- Brilliant White | |

# Suggested colour combinations include the following:

| Reds | Browns | Greens |
|---|---|---|
| BS 04D45 Dark Cherry | BS 08B29 Bitter Chocolate | BS 14C40 Moss Green |
| BS 02C40 Deep Plum | BS 12B29 Midnight Green | BS 12C39 Ivy Green |
| BS 18B29 Raven | BS 20C40 Duchess Blue | BS 14C39 Holly Green |
| BS 10B29 Vandyke Brown | BS 10C39 Dark Olive | BS 18B17 Blue Mink |

| Blues | Other | |
|---|---|---|
| BS 18C39 Fathom Blue | BS 02C40 Deep Plum | BS 08B29 Bitter Chocolate |
| BS 24C39 Regal Violet | BS 14C40 Moss Green | BS 08B15 Magnolia |
| BS 16C33 Duck Egg Blue | BS 08B29 Bitter Chocolate | BS 18C39 Fathom Blue |
| BS 18B25 Dark Admiralty Grey | BS 20C40 Duchess Blue | BS 18C31 Ice Blue |

From British Standards colour chart: BS4800